

Comhthéacs 2 – Áiseanna Teagaisc – Léamhthuiscint

Léigh an sliocht seo go cúramach agus freagair na ceisteanna a leanas.

Fadhb na nDrugáí ag Dul in Olcas

Bhí iontas ar mhuintir Bhéal Feirste nuair a léirigh tuairisc a foilsíodh ar na mallaibh gurb é Béal Feirste an ceantar is measa ó thaobh drugaí de. Dealraíonn sé ó na staitisticí go bhfuil dhá oiread níos mó daoine óga ag glacadh drugaí go rialta i mBéal Feirste ná in aon chathair eile in Éirinn.

Cannabas, eacstais agus fiú hearóin a bhí i measc na ndrugáí atá á nglacadh fud fad na cathrach. Is cosúil, ó shuirbhé a rinneadh le déanaí, go mothaíonn daoine óga go mbíonn siad fionnuar faiseanta má ghlacann siad drugaí, agus nach dtuigeann siad na contúirtí atá bainte le mí-úsáid drugaí. Is oth liom a rá go ndúirt roinnt mhaith acu gur craic mhaith a bhí ann agus nach ndéanfaí dochar ar bith dóibh. Is iomaí duine atá den bharúil, fosta nach bhfuil áiseanna ar bith ar fáil don aos óg faoi láthair agus, mar gheall air sin, nach mbíonn an dara rogha acu ach casadh i dtreo an alcóil agus na ndrugáí.

De réir saineolaithe, nuair a thosaíonn daoine ar na drugaí ag aois óg, bíonn seans i bhfad níos mó ann go mbeidh siad ag glacadh drugaí crua agus iad níos sine, nó go mbeidh siad ina n-andúiligh amach anseo. Síleann daoine óga go bhfuil smacht acu ar a n-iompar ach ní fada go mbíonn siad ag brath ar na drugaí i ndiaidh dóibh triail a bhaint astu.

Is cúis imní é nach bhfuil déagóirí an lae inniu ar an eolas faoi na contúirtí. Cuireann mí-úsáid drugaí isteach go mór ar an tsláinte. Tá nasc láidir idir drugaí agus taom croí, stróc, ailse agus ar ndóigh, bás. Tá líon na mbásanna mar gheall ar mhí-úsáid drugaí ag dul i méid go tapa; i ngach cearn den tír ach i mBéal Feirste go háirithe.

Tá sé thar am réiteach na faidhbe a aimsiú sula bhfaigheann duine óg eile bás. Ba chóir don rialtas feachtas fógraíochta a chur ar fáil, chomh maith le níos mó eolais a thabhairt do dhaoine óga ar scoil. Tá sé tábhachtach fosta go gcuirfear áiseanna ar fáil don aos óg lena chinntiú go mbíonn rudaí le déanamh acu ag deireadh na seachtaine. Ní féidir an locht a chur ar an rialtas amháin, ar ndóigh. Tá ról lárnach le himirt ag tuismitheoirí na ndaoine óga seo fosta. Ba chóir dóibh súil ghéar a choinneáil ar a bpáistí agus a bheith cinnte cad a bhíonn ar súil acu agus iad amuigh.

Ag deireadh an lae, is iad na daoine óga a bhíonn freagrach as a n-iompar féin, ach is follasach nach dtuigtear an damáiste a dhéanann drugaí. Is cinnte fós go mothaíonn daoine óga faoi bhrú drugaí a ghlacadh agus gur mhaith leo bheith inchurtha lena gcairde. Má thugtar níos mó eolais do dhéagóirí ar scoil, sa bhaile agus sa cheantar áitiúil, tiocfaidh laghdú ar líon na ndaoine a bhíonn ag glacadh drugaí. Má mhothaíonn tú go bhfuil do chairde ag glacadh drugaí, déan iarracht labhairt leo faoi nó labhair le duine fásta le cuidiú a fháil dóibh.

(a) Cad chuige a raibh iontas ar mhuintur Bhéal Feirste?

(b) Cad iad na drugaí a bhíonn á nglacadh?

(c) Cén fáth a mbíonn daoine óga ag glacadh drugaí? Luaigh **trí** rud.

(d) Cad é an tionchar a bhíonn ag drugaí ar dhaoine agus iad níos sine? Luaigh **dhá** rud.

(e) Cad é mar a chuireann drugaí isteach ar do shláinte? Luaigh **ceithre** rud.

(f) Cad is féidir leis an rialtas a dhéanamh maidir leis an fhadhb?

(g) Cé eile a bhfuil an locht orthu? Míniú do fhreagra.

(h) Cad é an chomhairle a thugtar do dhaoine óga atá buartha faoina gcairde?
